©FionaNiGhloinn

Bí ag smaoineamh & ag caint

Cé mhéad duine atá sa phictiúr?
Cé atá ar na camaill?
Cé atá sa stábla?
Céard atá le feiceáil sa spéir?
Cé eile a tháinig chun an Báibín Íosa a fheiceáil?
An raibh aon ainmhí eile i Scéal na Nollag?

Rólimirt & Ealaín

Is aoire thú a bhí amuigh ar an sliabh.
Céard a bhí ar siúl agat?
Inis do scéal.
Déan pictiúr díot féin, de na haoirí eile agus
De na caoirigh ar an sliabh.

Is tusa an Rí Baltasár
Inis do scéal.
Déan pictiúr den turas a rinne tú leis
na ríthe eile.
An raibh bronntanais agaibh d'Íosa?

Bí ag léamh

Léigh an dán ***Oíche Nollag***.

An bhfuil aon dán nó amhrán Nollag eile ar eolas agat?

An féidir leat aon amhrán Nollag a chanadh?

Oíche Nollag

Réalta geal ag lonrú go hard sa spéir
Ag treorú na ríthe i dtreo an mhainséir

Thaistil na ríthe an oíche ar fad
Lean siad orthu gan staonadh gan stad

Lean siad an solas ón réalta sa spéir
Threoraigh sé iad go dtí an mainséar

Chonaic siad an Báibín is É ina luí
Íosa ina chodladh i leaba bheag tuí

Áine Ní Ghlinn

Críochnaigh an pictiúr seo den stábla i mBeithil



Áine Ní Ghlinn